Ollscoil na hÉireann, Gaillimh *GX 1174*
National University of Ireland, Galway

SCRÚDAITHE SEIMEASTAIR II, 2002/2003

Cód Scrúdaithe: 1BA1

Scrúdú/Scrúdaithe: 1ú Dáin

Cód Modúil TI103

Modúil Bunús na Tíreolaíochta Daonna

Scrúdaitheoir Seachtrach An tOllamh P. O Conchubhair

Scrúdaitheoir(í) Inmheánach(a) An tOllamh U. Strohmayer

An Dr. S. Grimes

Treoracha: Freagair **Ceithre** cheist san iomlán
2 cheist as Roinn A.
2 cheist as Roinn B.

Úsáid leabhar freagraí ar leith do gach roinn.
Bronntar na marcanna céanna ar son gach ceist.

Fad: 3 huaire

Líon na leabhar freagraí: 2

Líon na leathanach Roinn 2

Tíreolaíocht

Roinn A

1. Cén fáth go bhfuil sé úsáideach idirdhealú a dhéanamh idir aireachtáil agus cur in ord na dtíreolaíochtaí daonna?

2. D'fhás cathair Dortmunt i gceantar mórthionsclaíochta Ruhrgebiet sa Ghearmáin ó 10,000 áitreabhach i 1849 go 111,000 i 1895 agus shroich sé buaicphointe de 545,000 i 1930. Pléigh go criticiúil cuid de na cúiseanna a bhí leis an bhfás seo agus déan anailís ar chuid dá iarmhairtí.

3. Cé chomh húsáideach is atá an t-idirdhealú tíreolaíoch atá iontuigthe sa ráiteas go bhfuil ceantar ina cheantar uirbeach nó tuaithe? An féidir leat smaoineamh ar idirdhealaithe eile tíreolaíocha a spreagann na ceisteanna céanna?

4. Freagair (a) nó (b).

(a) Úsáid dhá shampla ar a laghad chun plé criticiúil a dhéanamh ar na hathraithe a tharla sa tíreolaíocht 'chultúrtha' le tríocha bliain anuas.

nó

(b) 'Tá ceol na 'Blues' fréamhaithe i ndeilt an Mississippi agus is féidir é a úsáid mar sin in iarracht chun cultúr ceoil Mheiriceá Thuaidh a réigiúnú'. Déan anailís chriticiúil ar bhailíocht agus ar fhóinteacht an ráitis seo, ag baint úsáide as coincheapanna agus tuiscintí atá tógtha ar iasacht ón Tíreolaíocht Chultúrtha.

5. Úsáid trí shampla difriúla ar a laghad chun na dóigheanna a bhfuil an 'náisiúnachas' 'samhlaithe' a phlé. Cad iad na príomhiarmhairtí tíreolaíocha a phléitear i réimse na Tíreolaíochta Polaitiúla?

ROINN B

6. **Freagair (a) nó (b).**

(a) Cad iad na heochairthréithe sa tíreolaíocht dhaonna a dhéanann brainse uathúil den eolas di?

Nó

(b) Mínigh an chaoi go bhfuil dearcadh níos teoiriciúla agus anailís níos sofaisticiúla sa tíreolaíocht dhaonna anois.

7. Tá an teannas idir 'áitiúil' agus 'domhanda' ar cheann de na teannais is suntasaí atá laistíar de chuid mhór den obair sa tíreolaíocht eacnamaíoch. Mínigh.

8. Cé nach míníonn siad gach rud agus nach ionann a suntas ó áit go háit, is ábhair thábhachtacha staidéir ag an tíreolaí eacnamaíoch na corporáidí ilnáisiúnta agus a gcuid straitéisí maidir le hinfheistíocht dhíreach eachtrannach. Mínigh cén fáth.

9. Mínigh cén fáth gur chuid bhunúsach den staidéar ar thíreolaíocht dhaonra iad na difríochtaí atá idir mortlaíocht agus torthúlacht i dtíortha thearcfhorbartha agus tíortha níos forbartha.

10. Cé nach feiminéan nua é an imirce idirnáisiúnta, tá forbairtí nua le feiceáil sa tréimhse is déanaí de. Pléigh.